Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**14343/19**

**JURINFO 31**
**EJUSTICE 150**
**JAI 1224**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aitheantóir Cásdlí Eorpaigh (ECLI) agus tacar íosta de mheiteashonraí aonfhoirmeacha don chásdlí lena n-áirítear ECLI 2.0 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí thíos na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aitheantóir Cásdlí Eorpaigh (ECLI) agus tacar íosta de mheiteashonraí aonfhoirmeacha don chásdlí, lena n-áirítear ECLI 2.0, a ghlac an Chomhairle ar an 7 Deireadh Fómhair 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aitheantóir Cásdlí Eorpaigh (ECLI) agus tacar íosta de mheiteashonraí aonfhoirmeacha don chásdlí**

## I. RÉAMHRÁ

1. Le hAirteagal 67(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déantar foráil maidir le limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú, ina n-urramófar cearta bunúsacha agus córais agus traidisiúin éagsúla dlí na mBallstát.

2. Cuirtear i bhfios go láidir, i bpleananna gníomhaíochta r-Cheartais ilbhliantúla na hEorpa do 2009-2013, 2014-2018 agus 2019-2023, ar pleananna Chomhairle an Aontais Eorpaigh iad, a thábhachtaí atá an rochtain ar an gcásdlí náisiúnta agus an gá atá le caighdeánú agus le hailtireacht theicniúil dhíláraithe.

3. Cuirtear i bhfios go láidir, sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Iúil 2008 maidir le ról an bhreithimh náisiúnta sa chóras breithiúnach Eorpach, an gá atá le rochtain trasteorann ar an gcásdlí náisiúnta chun a chur ar chumas na mbreithiúna náisiúnta a ról sa dlíchóras Eorpach a chomhlíonadh.

## II. RIACHTANAIS A SHAINAITHINT

4. Ní hamháin go n-éilítear eolas ar an dlí Eorpach le limistéar Eorpach saoirse, slándála agus ceartais ina bhféadfaidh comhar breithiúnach feidhmiú, ach éilítear go háirithe eolas frithpháirteach ar chórais dlí na mBallstát eile.

5. Leis an Tairseach Eorpach don r-Cheartas, ba cheart an cuspóir a chomhlíonadh faisnéis a scaipeadh faoi chórais dlí an Aontais agus na mBallstát agus ba cheart an tairseach a bheith ina huirlis úsáideach do na saoránaigh, do ghairmithe dlí agus d'údaráis na mBallstát.

6. Ní hé nach féidir eolas ar shubstaint agus cur i bhfeidhm dhlí an Aontais Eorpaigh a fháil ach ó fhoinsí dlí an Aontais agus ó na foinsí sin amháin; caithfear cásdlí na gcúirteanna náisiúnta a chur san áireamh freisin, i ndáil le breitheanna lena n-iarrtar réamhrialú, breitheanna tar éis réamhrialú mar aon le breitheanna lena gcuirtear dlí an Aontais i bhfeidhm ina n-aonar.

7. Le tacaíocht airgeadais nó le rannpháirtíocht dhíreach ón Aontas Eorpach, tá tionscnaimh ann le blianta beaga anuas lena dtacaítear leis na spriocanna thuasluaite, amhail an t-inneall meiteachuardaigh de Líonra Uachtaráin na gCúirteanna Breithiúnacha Uachtaracha den Aontas Eorpach, bunachair sonraí Dec.Nat agus Jurifast de chuid Chomhlachas Chomhairlí Stáit agus Uas-Dlínsí Riaracháin an Aontais Eorpaigh, bunachar sonraí JURE (Aithint Dlínse, Forghníomhú) de chuid an Choimisiún Eorpaigh, EUR-Lex, agus bunachar sonraí cásdlí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

8. Le húsáid agus le tacaíocht na dtionscnamh sin, cuireadh i dtreis an gá atá leis na bunachair sonraí sin ach is léir ón taithí atá faighte gur minic a bhíonn sé fíorchasta agus deacair don úsáideoir na bunachair sonraí sin a chuardach.

9. Léiríodh i staidéar a rinne tascghrúpa de chuid na Meithle um R-Sheirbhísí Dlí gurb é, cé is moite d'fhadhbanna leis an ilteangachas, easpa aitheantóirí aonfhoirmeacha don chásdlí is cúis, den chuid is mó, leis na fadhbanna sin. Is ann do chórais sainaithinte éagsúla ar an leibhéal náisiúnta, cuid acu cúirt-ainmnithe, cuid eile díoltóirshonrach. Uaireanta, déanann bunachair sonraí atá ceaptha chun cásdlí ó Bhallstáit éagsúla a chuardach - níl sna cinn thuasluaite ach cúpla sampla díobh - a gcórais sainaithinte féin a cheapadh, agus uaireanta athúsáideann siad ceann amháin nó níos mó de na córais uimhrithe náisiúnta. Dá bhrí sin, is fíordheacair cásdlí a chuardach agus a lua sa chomhthéacs trasteorann: d'fhéadfadh nach mbeadh aitheantóirí a eisíonn córas amháin comhoiriúnach le córais eile.

10. Léiríodh go soiléir sa staidéir thuasluaite gurb ann d'fhadhbanna inchomparáideacha i gcás meiteashonraí a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an gcásdlí. I mbeagnach gach bunachar sonraí náisiúnta agus Eorpach, baintear leas as rialacha éagsúla maidir le hainmniú agus dearadh meiteashonraí agus, dá bharr sin, cuirtear i mbaol an deis a bheadh ann do na breithiúna, do ghairmithe dlí agus do na saoránaigh cuardaigh éifeachtacha, atá so-úsáidte, a dhéanamh ar an gcásdlí trasteorann.

## III. RÉITIGH A SHAINAITHINT

11. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, le prionsabal an díláraithe lena dtacaíonn pleananna gníomhaíochta r-Cheartais na hEorpa agus le prionsabail an Chreata Eorpaigh Idir-inoibritheachta, níor cheart bunachar sonraí Eorpach láraithe aonair don chásdlí a chur in ionad réitigh náisiúnta. Thairis sin, bíonn riachtanais shonracha ag úsáideoirí i gcás réimsí sonracha dlí agus, dá bharr sin, teastaíonn bunachair sonraí éagsúla a mbíonn feidhmiúlachtaí éagsúla ag roinnt leo, cé acu an de chineál poiblí nó de chineál tráchtála iad.

12. Chun [...] gur fusa a bheidh sé bunachair sonraí cásdlí Eorpaigh a fhorbairt a thuilleadh agus [...], ina theannta sin, chun freastal ar ghairmithe dlí agus ar na saoránaigh agus na bunachair sonraí sin á n-úsáid acu, tá córas coiteann le haghaidh sainaithint, lua agus meiteashonraí cásdlí fíor-riachtanach dá bhrí sin. Bheadh caighdeán coiteann den sórt sin comhoiriúnach leis na prionsabail a leagtar amach sa mhír sin roimhe seo.

13. Chun breitheanna breithiúnacha a shainaithint, ba cheart aitheantóir caighdeánach a úsáid a bheidh so-aitheanta, inléite agus intuigthe ag daoine agus ag ríomhairí araon, agus a bheidh comhoiriúnach le caighdeáin theicneolaíocha. Ag an am céanna, tá sé inmhianaithe gur féidir le córais náisiúnta sainaithinte feidhmiú go comhthreomhar le caighdeán Eorpach den sórt sin ach, ina theannta sin, gur féidir le caighdeán Eorpach feidhmiú mar an t-aon chaighdeán náisiúnta amháin do na tíortha sin arb é sin atá uathu.

14. De bhrí nach ionann, ó Bhallstát go chéile ná laistigh de Bhallstát, eagrú cúirteanna agus iarratais-TF a úsáideann cúirteanna, ba cheart go bhféadfaí córas sainaithinte agus meiteashonraí a chur chun feidhme ar leibhéal gach cúirte ar leith.

15. I gcomhréir leis na prionsabail shonraithe maidir le comhréireacht agus dílárú, ní mór breitheanna a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta maidir leis na cúirteanna agus na binsí a bheidh rannpháirteach sa chóras sainaithinte agus meiteashonraí cásdlí seo.

16. Toisc go bhfuil inghlacthacht chúirteanna agus rialtas na mBallstát fíorthábhachtach go deo chun go ndéanfaí córas sainaithinte agus meiteashonraí don chásdlí a chur chun feidhme agus a úsáid, chuathas i mbun comhairliúcháin maidir leis an moladh seo le Líonra Uachtaráin na gCúirteanna Breithiúnacha Uachtaracha den Aontas Eorpach, Comhlachas Chomhairlí Stáit agus Uas-Dlínsí Riaracháin an Aontais Eorpaigh, Ceardlann CEN/Metalex, Semic.EU, an Coimisiún Eorpach, Gréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna, Tionscnamh-LEX, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus Oifig Foilseacháin an Aontais Eorpaigh. Cuireadh an tAitheantóir Reachtaíochta Eorpach agus Akoma Ntoso san áireamh freisin, chun idir-inoibritheacht leis na caighdeáin sin a bharrfheabhsú.

17. Ba cheart an córas sainaithinte agus meiteashonraí a chur in iúl, ar bhealach cuimsitheach, do na saoránaigh agus do ghairmithe dlí. Thairis sin, chun gur mó seans go dtiocfaí ar chásdlí a sholáthraítear le haitheantóir agus le meiteashonraí mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn I, ba cheart na breitheanna breithiúnacha sin a bheith inchuardaithe – bunaithe ar aitheantóir agus ar thacar íosta de mheiteashonraí – trí inneall cuardaigh coiteann. Ba cheart ailtireacht an innill chuardaigh choitinn sin a bheith díláraithe agus leabaithe sa Tairseach Eorpach don r-Cheartas. Le hinneall cuardaigh coiteann, neartaítear a inúsáide atá córas sainaithinte agus meiteashonraí ach, mar sin féin, níor cheart é a bheith ina réamhriachtanas chun an tsainaithint agus na meiteashonraí a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta.

18. Leis an inneall cuardaigh coiteann, ní hamháin gur cheart an deis a bheith ann breitheanna a innéacsú ó shuíomhanna gréasáin na mbreithiúna; ba cheart an deis a bheith ann iad a innéacsú ó shuíomhanna gréasáin eile, freisin, a scaipeann an cásdlí, e.g. i leaganacha achoimrithe nó aistrithe.

## IV. MAIDIR LE BREISITHE AGUS FEABHSUITHE ECLI

19. Ocht mbliana tar éis ghlacadh an chéad leagain de na Conclúidí seo ón gComhairle, tá ECLI curtha chun feidhme i mbunachair sonraí phoiblí le breitheanna ó chúirteanna I seacht mBallstát déag, ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine agus ó Bhoird Achomhairc Eagraíocht Eorpach na bPaitinní. Le hinneall cuardaigh ECLI, a d'fhorbair an Coimisiún Eorpach i gcomhréir le mír 27-f, innéacsaíodh go leor de na bunachair sonraí sin.

20. Baintear leas as ECLI mar an t-aon bhealach lua amháin nó mar bhealach breise lua in go leor dlínsí. Sna 'Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis na dea-chleachtais i ndáil le foilsiú cinntí ón gcúirt ar líne'[1] rinneadh úsáid ECLI agus idirnascadh bunachair sonraí násdlí náisiúnta le hinneall cuardaigh ECLI a shainaithint mar dhea-chleachtas.

21. D'ainneoin gur féidir a mheas gur chuidigh ECLI le breis inrochtaineachta ar fhaisnéis dlí agus le cáilíocht na faisnéise sin, chun tairbhe an phobail dlí, tá roinnt easnamh i gcreat ECLI tar éis teacht chun cinn. Ag an am céanna, sna forbairtí teicneolaíochta agus sna léargais nua, tá deiseanna ann chun feabhsuithe a dhéanamh as a bhféadfadh an pobal dlí tairbhe a bhaint. Dá bhrí sin, bheadh buntáiste ag baint leis an gcaighdeán a fheabhsú agus a bhreisiú píosa.

22. I bhfianaise an mhéid cur chun feidhme atá déanta maidir le ECLI, áfach, níor cheart, le hathruithe teicniúla ar an gcaighdeán ná le breisiú an chaighdeáin, na hinfheistíochtaí a rinneadh sa chur chun feidhme atá ann faoi láthair ná sa chur chun feidhme leanúnach a chur i gcontúirt. Sa chomhthéacs sin, maidir le dlínsí a chuir ECLI chun feidhme:

    a. Níor cheart iallach a chur orthu na gnéithe nua a chur chun feidhme, agus

    b. Ba cheart na gnéithe nua a bheith comhoiriúnach ar gcúl leis na sonraíochtaí bunaidh.

[1] IO 2018/C 362/02, 8.10.2018.

23. Is féidir na feabhsuithe agus na breisithe ar an gcaighdeán ECLI bunaidh a achoimriú mar a leanas:

a. Ba cheart an t-aitheantóir ECLI a shainmhíniú freisin mar HTTP-URI. Ciallaíonn sé sin go mbeidh bealach caighdeánaithe chun aghaidh a thabhairt ar ECLI ar an idirlíon.

b. I ndlínsí áirithe, níl an ceathrú heilimint den aitheantóir ECLI - an bhliain inar tugadh an breithiúnas - sonrach go leor. Mar réiteach, is minic a chuirtear an mhí agus an lá leis an gcúigiú heilimint chun an débhríocht a sheachaint. Ar chúiseanna coimre, inléiteachta agus chun a bheith aonchiallach, ba cheart go bhféadfaí an ceathrú heilimint a bhreisiú leis an mí agus an lá.

c. Aithníonn ECLI breith ón gcúirt ar leibhéal teibí - neamhspleách ar a leagan teanga, ama agus eagarthóireachta nó ar a fhormáid theicniúil. I dtéarmaíocht na Riachtanas Feidhmiúil do Thaifid Bhibleagrafaíochta (FRBR), ar téarmaíocht í a mbaintear neart úsáide aisti, sainaithníonn ECLI breith ón gcúirt ar leibhéal an tsaothair. Is iomaí cásanna úsáide ann, áfach, nuair is gá freisin breith ón gcúirt a shainaithint, agus/nó tagairt a dhéanamh do bhreith ón gcúirt ar leibhéal an léirithe nó an tsonraithe. Chun réitigh áitiúla neamhchomhoiriúnacha a sheachaint le freastal ar na riachtanais sin, tá gá le breisiú an aitheantóra ECLI: Teanga Bhreisithe ECLI (ECLI-XL).

d. Le ECLI, ní féidir ach breitheanna ón gcúirt ina n-iomláine a shainaithint agus/nó a lua, cé gur minic a thagraítear do chodanna sonracha de bhreith. Chun bealach caighdeánaithe a chruthú le haghaidh nascadh domhain le codanna sonracha de bhreitheanna ón gcúirt, chun na deiseanna a fheabhsú cuardach a dhéanamh ar dhoiciméid a thagraíonn do na codanna sonracha sin agus chun an bealach a réiteach le haghaidh innill réasúnaíochta sofaisticiúla dlí, déantar, freisin, le ECLI-XL, bealach caighdeánach a thabhairt isteach chun codanna sonracha de bhreith a shainaithint agus chun tagairt a dhéanamh dóibh.

e. Is gá meiteashonraí ECLI a fheabhsú agus a mhionchoigeartú, i ndáil le ECLI-XL freisin.

24. Tá tuairisc ar na sonraíochtaí do ECLI-XL i gCuid II d'Iarscríbhinn I, agus cuireadh na meiteashonraí breise le cuid III d'Iarscríbhinn I.

25. Áirítear in Iarscríbhinn II treoir don phobal dlí maidir le ECLI agus ECLI-XL a úsáid.

## V. ECLI A THABHAIRT ISTEACH

26. Iarrtar ar na Ballstáit an tAitheantóir Cásdlí Eorpaigh (ECLI) agus tacar íosta de mheiteashonraí aonfhoirmeacha don chásdlí a thabhairt isteach ar bhonn deonach ar an leibhéal náisiúnta.

27. Bheadh feidhm ag na moltaí seo a leanas maidir leis na Ballstáit sin a chinneann ECLI agus tacar íosta de mheiteashonraí aonfhoirmeacha a thabhairt isteach don chásdlí:

    a. Ba cheart ECLI a chur i bhfeidhm de réir mar a shonraítear i gcuid I d'Iarscríbhinn I i gcás gach breithe a thugann a gcúirteanna agus a mbinsí uile;

    b. Ba cheart do na Ballstáit na breitheanna go léir a thugann cúirteanna agus binsí a fhoilsítear ar shuíomhanna gréasáin poiblí a chur ar fáil agus an tacar íosta de mheiteashonraí mar a leagtar amach i gcuid III d'Iarscríbhinn I ag gabháil leo;

    c. Ba cheart do na Ballstáit comhordaitheoir náisiúnta ECLI a cheapadh mar a thuairiscítear i gcuid IV d'Iarscríbhinn I;

    d. Ba cheart do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais a bheith rannpháirteach i gcóras an Aitheantóra Cásdlí Eorpaigh;

e. Ba cheart don Choimisiún Eorpach láithreán gréasáin ECLI a bhunú, mar chuid den Tairseach Eorpach don r-Cheartas, mar a thuairiscítear i gcuid V d'Iarscríbhinn I;

f. Ba cheart don Choimisiún Eorpach agus na Ballstáit inneall cuardaigh idirnasctha a bhunú, i ndlúthchomhar le chéile, mar a leagtar amach i gcuid VI d'Iarscríbhinn I;

g. Ba cheart do na Ballstáit agus dá gcúirteanna faisnéis a scaipeadh faoi ECLI, agus faoi shuíomh gréasáin agus inneall cuardaigh ECLI, ar a suíomhanna gréasáin agus a bhfoilseacháin náisiúnta, fiú mura dtugtar ECLI isteach sa Bhallstát sonrach sin;

h. Ní hamháin go moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as córas ECLI; moltar do thíortha is iarrthóirí agus Stáit Lugano úsáid a bhaint as freisin; agus

i. Ba cheart do na Ballstáit tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle gach bliain ar an dul chun cinn atá déanta maidir le ECLI agus meiteashonraí a thabhairt isteach don chásdlí.

# Iarscríbhinn I – Maidir le sonraíochtaí teicniúla, eagrú agus cur chun feidhme

## I. FORMÁID AN AITHEANTÓRA CÁSDLÍ EORPAIGH

1. Ní mór na cúig chomhchuid seo a leanas a bheith mar chuid d'Aitheantóir Cásdlí Eorpaigh (ECLI), agus ní mór dóibh a bheith san ord a liostaítear:

   a. an giorrúchán 'ECLI';

   b. an cód tíre don tír ar faoina inniúlacht a dhéantar an bhreith bhreithiúnach.

      i. I gcás na mBallstát seachas sna réigiúin is forimeallaí agus tíortha is iarrthóirí, úsáidtear cód na treorach idirinstitiúidí stíle (ISG COU), mar a shainítear i dTábla Údarás "Tíre" Chlár na Meiteashonraí;

      ii. I gcás tíortha eile, agus réigiúin is forimeallaí agus tíortha agus críocha thar lear an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn II CFAE, úsáidtear an cód ISO 3166 alpha-2 (más ann dó);

      iii. Gan dochar do fhomhíreanna i agus ii, féadfaidh cúirteanna atá sna réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach nó i dtíortha agus críocha thar lear an Aontais Eorpaigh, ina ionad sin, cód cúirte faoi chód tíre an Bhallstáit AE lena mbaineann a bheith acu, i gcás ina gcomhaontaítear sin go comhpháirteach;

      iv. i gcás an Aontais Eorpaigh, úsáidtear an cód 'EU';

vi. i gcás eagraíochtaí idirnáisiúnta, is é an Coimisiún Eorpach a chinneann cód, agus aird á tabhairt aige ar na cóid arb é 'X' is tús leo agus atá in úsáid cheana ag institiúidí Eorpacha, mar aon le cóid atá ann cheana laistigh de ISO 3166 alpha-2;

c. an giorrúchán don chúirt nó don bhinse (dá ngairfear anseo feasta: cód na cúirte). Cód na cúirte:

i. ní mór carachtar amháin ar a laghad a bheith ann, agus seacht gcarachtar ar a mhéad;

ii. ní mór litir a bheith mar thús leis i gcónaí, ach féadfaidh digití a bheith ann freisin;

iii. ba cheart é a roghnú ar bhealach a bheadh loighciúil do dhaoine a bhfuil cur amach acu ar eagrú na mbreithiúna sa tír lena mbaineann;

iv. ní mór dó ar a laghad a bheith ina ghiorrúchán ar ainm na cúirte nó an bhinse, ach féadfaidh léiriú a bheith ann freisin ar an dlísheomra nó ar an rannán laistigh den chúirt sin nó den bhinse sin, go háirithe más nós é i gcleachtas lua na tíre an dlísheomra nó an rannán a ainmniú;

v. níor cheart faisnéis a bheith ann faoi chineál an doiciméid;

vi. ní mór é a bhunú de réir roinn IV-A den Iarscríbhinn seo.

vii. Ní mór an cód cúirte 'XX' a choinneáil do bhreitheanna ó na cúirteanna agus na binsí nach bhfuil ar an liosta arna bhunú ag comhordaitheoir náisiúnta ECLI an Bhallstáit sin (cuid IV A (mír 46-a)), lena n-áirítear breitheanna ó thíortha eile nó ó chúirteanna idirnáisiúnta nach bhfuil ECLI (fós) ag Ballstát na cúirte eisiúna dóibh.

d. bliain na breithe, nach mór a bheith scríofa i gceithre dhigit, nó dáta beacht na breithe, nach mór a scríobh mar bbbbmmll;

e. cód, nach mór a bheith uathúil sa chiall nach féidir níos mó ná breithiúnas amháin de chuid na cúirte céanna sa bhliain chéanna a mbeidh an cód céanna ag gabháil leis. Is é 25 charachtar uasfhad an chóid. Féadfaidh poncanna ('.') a bheith sa chód ach ní féidir comharthaí poncaíochta ar bith eile a bheith ann.

2. Is féidir na cúig chomhchuid de ECLI, mar a shainítear iad sa roinn sin roimhe seo, a fhormáidiú i gceann amháin de dhá chomhréir atá coibhéiseach go hiomlán agus ar féidir a úsáid go hidirmhalartach.

   a. Trí na comhchodanna a dheighilt le hidirstad (':'). Sin an dóigh fhorordaithe chun ECLI a lua i dtéacs. Is féidir é a úsáid freisin i gcórais uathoibrithe.

   b. Trí na comhchodanna a dheighilt le slais ('/'). Is féidir an fhormáid seo a úsáid le HTTP-URInna, sa chás sin ba cheart slais a úsáid freisin idir an t-ainm fearainn agus ECLI. Níor cheart aon eilimintí eile cosáin a chur idir ainm an fhearainn agus an ECLI.

3. Ní mór nach mbeidh aon idirspásáil ná comharthaí poncaíochta ar bith ag gabháil le ECLI, laistigh de na comhchodanna a ghabhann leis ná eatarthu - seachas na cinn sin a luaitear faoi (1-e) agus (2).

4. Ní mór na litreacha atá i ngach comhchuid a bheith ina gcarachtair alfa-uimhriúla Laidineacha agus ina gcarachtair sin amháin.

5. I gcás ina mbeidh na heilimintí ECLI deighilte le hidirstadanna, is fearr na litreacha sna comhchodanna a thuairiscítear i (1a), (1b), (1c) agus (1e) a scríobh i gceannlitreacha; ach ná bíodh aon difríocht sa bhrí mar thoradh ar an gceannlitriú. I gcás ina ndéantar na heilimintí a dheighilt le slais, ní mór gach litir a bheith i gcás íochtair.

6. Chun nach gcuirfear úsáid ná sothuigtheacht ECLI i mbaol, ná déantar é a bhreisiú le comhchodanna ar bith eile, cé is moite díobh sin a thuairiscítear i roinn II.

7. Ní mór spásainm ECLI a chlárú ag an seoladh: https://e-justice.europa.eu/ecli.

## II. TEANGA BHREISITHE ECLI

8. Tá an creat ECLI cruthaithe ar bhonn phrionsabail na Riachtanas Feidhmiúil do Thaifid Bhibleagrafacha (FRBR), ar a bhfuil caighdeáin eile i réimse na faisnéisíochta dlí - amhail CEN-Metalex, URN:LEX agus Legal DocML (Akoma Ntoso) - bunaithe freisin.

9. Ní bhaintear leas as an téarma 'ECLI' ach amháin don aitheantóir ar leibhéal an tsaothair agus ar leibhéal an doiciméid agus ar na leibhéil sin amháin.

10. Chun leibhéal an léirithe nó an tsonraithe, agus/nó chun codanna sonracha de bhreith ón gcúirt a shainaithint nó chun tagairt a dhéanamh dó/dóibh, ba cheart Teanga Bhreisithe ECLI (ECLI-XL) a úsáid, faoi mar a thuairiscítear sa roinn seo.

### A. An tAitheantóir um Leibhéal an Léirithe

11. Is éard atá i léiriú aon leagan ama agus/nó teangeolaíoch, agus/nó aon leagan atá curtha in eagar, de bhreith ón gcúirt ar leibhéal an tsaothair. Is féidir léirithe éagsúla a shainaithint go huathúil tríd an gcomhréir a thuairiscítear sa roinn seo a úsáid.

12. Na heilimintí lena sainaithnítear léiriú sonrach:

    a. cuirtear iad (comhchaitéinithe) idir lúibíní aonair chun nach mbeidh aon mhearbhall ann ó thaobh ECLI féin; níor cheart na lúibíní aonair sin a bheith ann mura mbeadh léiriú sonrach á shainaithint;

    b. ba cheart iad a chur díreach i ndiaidh ECLI féin;

    c. leanann siad ECLI i dtaca leis na rialacha maidir le ceannlitriú agus deighilt. I gcomhréir atá bunaithe ar an idirstad, déantar ileilimintí um léiriú a dheighilt ó chéile le hidirstadanna; i gcomhréir atá bunaithe ar an tslais déantar ileilimintí um léiriú a dheighilt ó chéile le slaiseanna;

    d. cuirtear idirstad rompu (tar éis an lúibín tosaigh) má úsáidtear an chomhréir atá bunaithe ar an idirstad, ach ní chuirtear slais rompu más é an chomhréir atá bunaithe ar an tslais a úsáidtear;

e. tá seicheamh éigeantach acu, is é sin, ‘athraitheach ama’, ‘athraitheach tiomsaitheora’, ‘athraitheach teanga’, ‘athraitheach cuimsitheachta’, ‘athraitheach tiomsaitheoirshonrach’;

f. is féidir iad ar fad a fhágáil ar lár..

13. Eilimint an athraithigh ama:

a. Is féidir í a úsáid chun leaganacha ama éagsúla den saothar a lipéadú. Ní fhéadfaidh ach cruthaitheoir an tsaothair, is é sin an chúirt fógartha, na leaganacha sin a chruthú chun lipéadú a dhéanamh, mar shampla, ar leagan leasaithe nó ceartaithe;

b. Ba cheart í a fhágáil ar lár más í an chéad leagan agus/nó an t-aon leagan amháin atá ann;

c. Tá an litir ‘T’ inti agus sraithuimhir, inar féidir ‘T2’ a shannadh don dara leagan, agus mar sin de; má bhíonn an dara leagan ann, d’fhéadfaí an chéad leagan a lipéadú go sainráite mar ‘T1’, chun a léiriú gurb ann do leagan eile.

14. Eilimint an tiomsaitheora:

a. Féadfar í a úsáid chun lipéadú a dhéanamh ar leaganacha éagsúla ó ‘thiomsaitheoirí’ nó ó ‘fhoilsitheoirí’;

b. Ba cheart í a fhágáil ar lár más ionann an tiomsaitheoir agus cruthaitheoir an tsaothair;

c. Is cód í a chuimsíonn trí go dtí cúig charachtar agus is litir é an chéad charachtar;

d. Ní féidir léi a bheith comhionann le cód teanga ar bith de chuid ISO 639-2 ná le giorrúcháin na sonruithe mar a liostaítear iad i mír 18;

e. An Coimisiún Eorpach a shannann í, agus caithfear í a chlárú laistigh de chlár atá á choinneáil ag an gCoimisiún. Coinneofar an clár san fhearann poiblí mar chuid den Tairseach Eorpach don r-Cheartas.

15. Eilimint na teanga:

   a. Is féidir í a úsáid chun leaganacha éagsúla teanga de shaothar a lipéadú;

   b. Tá sí comlíontach le ISO 639-2;

   c. Ní gá í a bheith ann más í teanga an léirithe an (t-aon) teanga réamhshocraithe (amháin) den bhreith).

16. Eilimint na cuimsitheachta:

   a. Féadfar í a úsáid chun leaganacha éagsúla de shaothar a lipéadú i dtaca lena n-uilechuimsitheacht le hais théacs na mbreitheanna;

   b. Tá an litir ‘C’ inti agus, ina dhiaidh sin, tá:

      i. ‘F’ i gcás leagan iomlán; ó tharla gurb é sin an staid réamhshocraithe, ba cheart é sin a fhágáil ar lár i gcoitinne;

      ii. ‘A’ i gcás leagan ciorraithe; sliocht (liteartha) de na míreanna is ábhartha den bhreith atá sa leagan ‘ciorraithe’;

      iii. ‘S’ i gcás leagan achoimrithe; leagan giorraithe is ea leagan ‘achoimrithe’, a úsáideann (go pointe áirithe ar a laghad) foclaíocht atá éagsúil ón mbuntéacs. ‘Achoimrítear’ léiriú mura mbíonn an téacs iomlán ann agus sa chás sin amháin; más ann d’achoimre in aice an téacs iomláin, tá an leagan ‘iomlán’ agus ba cheart an achoimre a chur isteach mar mheiteashonraí.

17. Eilimint an léirithe thiomsaitheoirshonraigh:

   a. Is féidir é a úsáid chun leaganacha éagsúla a lipéadú ó thiomsaitheoir amháin atá éagsúil ón gcéad leagan, ar bhealach ar bith seachas ama, cuimsitheacht nó teanga;

b. Ba cheart í a fhágáil ar lár más í an chéad leagan agus/nó an t-aon leagan amháin atá ann;

c. Más ann don litir 'S' agus sraithuimhir, nuair is féidir 'S2' a shannadh don dara leagan, agus mar sin de; má thagann an dara leagan chun cinn, féadfar an lipéad 'S1' a thabhairt ar an gcéad leagan;

d. I gcónaí, caithfidh sí bheith ann i gcomhar le heilimint an tiomsaitheora murab ionann an tiomsaitheoir agus an té a chruthaigh an saothar.

## B. Aitheantóir Leibhéil Sonraithe

18. Is foilsiú cruthanta ar an léiriú é an sonrú. Níl ach aon eilimint amháin ann chun an sonrú a léiriú. Maidir le heilimint an tsonraithe:

a. Tá rogha ann, agus níor cheart é a úsáid ach amháin más ábhartha;

b. Tugtar le fios léi formáid na sonraí a d'eascair as sonraíochtaí MIME;

c. I gcás ina n-úsáidtear é, caithfear ceann de na giorrúcháin a leanas a bheith ann: doc, docx, html, json, odt, pdf, rdf, rtf, tiff, txt, xhtml, xml;

d. Leantar an t-aitheantóir léirithe maidir leis na rialacha faoi chaipitliú;

e. Cuirtear idir lúibíní aonair é ionas nach mbeidh aon mhearbhall ann i dtaobh ECLI féin nó an aitheantóra leibhéil léirithe; níor cheart go mbeadh na lúibíní aonair sin ann mura bhfuil sonrú sonrach á shainaithint. Ná cuirtear aitheantóirí leibhéil léirithe agus aitheantóirí leibhéil sonraithe, le chéile idir lúibíní;

f. Más ann d'aitheantóirí leibhéil léirithe cuirtear ina ndiaidh é, murab ann d'aitheantóirí leibhéil léirithe cuirtear indiaidh ECLI féin e;

g. Más comhréir bunaithe ar an idirstad atá in úsáid cuirtear idirstad roimh an eilimint léirithe, idir na lúibíní, agus más comhréir bunaithe ar an tslais atá in úsáid is ponc a chuirfear isteach.

## C. Míreanna

19. Moltar go ndéanfaí breitheanna ón gcúirt a struchtúrú agus a mharcáil sa tslí go mbeifear in ann míreanna sonracha díobh a shainaithint gan iomrall. Moltar an chomhréir a bhfuil cur síos air sa roinn seo a úsáid. De rogha air sin, má úsáidtear aitheantóirí míreanna eile, tá sé inmholta friotháil ar shásra mapála agus an sásra mapála sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin ECLI. Fiú mura mbíonn aitheantóirí míreanna ar fáil do bhreitheanna cúirte, beifear in ann an chomhréir sa chuid sin a úsáid chun URInna a chruthú chun tagairt do mhíreanna sonracha de bhreitheanna cúirte.

20. Is féidir leas a bhaint as an aitheantóir míre ar leibhéal an tsaothair, ar leibhéal an léirithe agus ar leibhéal an tsonraithe.

21. Má úsáidtear an t-aitheantóir míre, ní mór é a chur díreach i ndiaidh na heiliminte lena sainaithnítear aitheantóir na breithe iomláine ón gcúirt, d'fhéadfadh ECLI a bheith ann, an léiriú ECLI-XL nó an eilimint sonraithe ECLI-XL.

22. Cuirtear '#' roimh an mír i gcónaí.

23. I gcás ina n-úsáidtear an mhír mar aitheantóir, úsáidtear í chun aon chuid amháin a shainaithint.

24. I gcás ina n-úsáidtear an mhír mar thagairt, d'fhéadfadh tagairt a bheith sa mhír do mhíreanna eile.

25. Lipéad a bheidh sa mhír aonair ar leith agus eilimint uimhrithe ag gabháil leis.

26. Tá an eilimint lipéid éigeantach agus ní mór giorrúchán (Béarla) atá ag teacht ón liosta a leanas a bheith inti ( an téarma ar fad/ cuirtear isteach an míniú idir na lúibíní):

    a. part (cuid)

    b. sec (roinn)

    c. subsec (fo-roinn)

    d. para (mír)

e. subpara (fomhír)

f. head (ceannteideal, an chuid sin den bhreithiúnas ina bhfuil na sonraí ar nós ainmneacha na bpáirtithe, ionadaithe, dáta na mbreitheanna, cás-uimhir etc.)

g. fíricí (an chuid sin den bhreithiúnas ina sonraítear na fíricí)

h. reason (réasúnú, an chuid sin den bhreith ina bhfuil réasúnú an bhreithimh)

i. dec (breith, i.e. cuid deiridh an bhreithiúnais)

j. anx (iarscríbhinn)

27. Tagann an eilimint uimhrithe díreach i ndiaidh na heiliminte lipéid, gan aon phoncaíocht nó spás bán eatarthu.

28. An eilimint uimhrithe:

a. Má úsáidtear mar aitheantóir í, féadann sí a bheith ann, mar cheann aonair, nó as, i gcás ina n-úsáidtear mar thagairt í, féadann sí a bheith as, uathu nó iolra.

b. Níl sé sainordaitheach do na lipéid seo ‘head’, ‘facts’, ‘reason’, ‘dec’ agus ‘anx’. Do gach aon lipéad eile tá an eilimint uimhrithe sainordaitheach.

c. Féadfaidh uimhreacha Arabacha, litreacha Rómhánacha mar aon le poncanna (nó teaglaim díobh) a bheith ann.

29. Féadann struchtúr ordlathach a bheith ag gabháil le mír aonair, agus tús áite ag an mír is airde. Fleiscín a scarann na heilimintí neadaithe óna chéile. Níl aon treoir ag gabháil leis an ordlathas féideartha ach amháin nach féidir eilimintí ordlathacha leis na lipéid chéanna a theaglamú san ordlathas céanna.

30. Mír iolra:

a. Féadfaidh raon (sraith eilimintí as a chéile) den leibhéal ordlathach céanna a bheith ann ach ní mór úsáid a bhaint as fleiscín (‘-‘) idir an chéad eilimint uimhrithe agus eilimint uimhrithe deiridh an raoin. Níl an lipéad le húsáid arís roimh an eilimint uimhrithe deiridh;

b. Féadfaidh liosta (sraith eilimintí nach dtagann as a chéile) den leibhéal ordlathach céanna a bheith ann, ní mór úsáid a bhaint as camóg idir na heilimintí uimhrithe. Níl an lipéad le húsáid arís roimh gach eilimint uimhrithe;

c. Féadfaidh teaglaim raoin agus liosta do na heilimintí ón leibhéal ordlathach céanna a bheith ann;

d. Féadfaidh liosta eilimintí (nach raon é) le lipéid dhifriúla nach bhfuil neadaithe a bheith ann. Camóg a scarann na heilimintí neadaithe óna chéile.

**D. <u>Réiteach</u>**

31. Aon fheidhmchlár nach féidir leis an ECLI-XL a léirmhíniú, ba cheart féachaint chuige go dtugtar neamhaird ar na breisithe sin. Is féidir an méid sin a dhéanamh ach gach rud ón lúibín tosaigh (agus é sin san áireamh) ( ‘(‘ ) a theascadh, nó — mura n-úsáidtear HTTP — hais (‘#’) a úsáid, pé acu is túisce.

32. Suíomhanna gréasáin a fhorbróidh meicníocht chun URI-XL ECL a threorú chuig an léiriú, an sonrú nó an mhír cheart, ba cheart dóibh friotháil ar mhodh chun URInna ECLI-XL a láimhseáil nach ann dóibh ar an suíomh gréasáin áirithe sin. D’fhéadfaí, cuir i gcás, é sin a dhéanamh trí ath-threorú chuig forbhreathnú ar leaganacha de ECLI atá ar fáil, nó trí chinneadh a dhéanamh maidir leis an ‘meaitseáil is fearr’ ar cheart a chur i láthair.

## III. MEITEASHONRAÍ

### A. Réamhrá

33. Tá an scéim meiteashonraí ón leagan bunaidh de na Conclúidí seo ón gComhairle le fáil i Roinn B. Tá forléargas nuashonraithe breisithe ar na meiteashonraí le fáil i Roinn C. Ionas nach ndéanfar níos casta na samhlacha sonraí agus feidhmiú na mbunachar sonraí náisiúnta agus a gcuid nasc le comhéadan cuardaigh ECLI, áirítear an scéim meiteashonraí bhunaidh go hiomlán sa scéim nua meiteashonraí agus cuirtear leis ann, cé go bhféadfaí coinbhinsiún ainmniúcháin eile a bheith roghnaithe ó thaobh cúrsaí teicniúla de. Mar eisceacht, rinneadh athruithe ar an scéim bhunaidh a cuireadh chun feidhme sa scéimre XML a úsáideadh le haghaidh an idirnaisc idir stórtha na mBallstát agus an comhéadan cuardaigh ECLI a chur chun feidhme chomh maith i Roinn C.

### B. An Scéim Meiteashonraí Bhunaidh

34. Chun sothuigtheacht agus so-aimsitheacht an chásdlí a chur chun cinn a thuilleadh, ba cheart sraith meiteashonraí a bheith ag gach doiciméad a bhfuil breith bhreithiúnach ann ina leith mar a mhínítear sa roinn seo. Ba cheart na meiteashonraí sin mar atá tuairiscithe a bheith, a mhéid is féidir, de réir na gcaighdeán arna leagan síos le Dublin Core Metadata Initiative (dá ngairtear DCMI anseo feasta), agus mar a shonraítear a thuilleadh sa roinn seo.

35. Gach doiciméad ar cóip é de bhreithiúnas nó de thuairisc ar bhreithiúnas, agus má chaitheann sé bheith inchuardaithe ag an gcomhéadan cuardaigh mar atá sa tuairisc i gcuid VI, ní mór na meiteashonraí seo a leanas a bheith ann:

   a. dcterms:identifier

      URL, áit inar féidir teacht ar an doiciméad luaite anseo, nó ar an bhfaisnéis atá ann. D’fhéadfadh sé seo a bheith i bhfoirm taifeora gréasán-bhunaithe le ECLI, nó le haon URL eile.

b. dcterms:isVersionOf

Ní mór an eilimint seo a bheith i bhfoirm ECLI mar atá tuairiscithe i gcuid I.

c. dcterms:creator

Ainm iomlán na cúirte. Féadfar ainm dlísheomra nó rannán dlí a chur isteach.

d. dcterms:coverage

An tír ina bhfuil an chúirt nó an binse suite.

Féadfaidh cuid de stát (cónaidhme) a bheith ann chomh maith chun an dlínse chríche a shonrú.

e. dcterms:date

Dáta na breithe nach mór a bheith i gcomhréir le ISO8601.

f. dcterms:language

Ní mór an teanga a ghiorrú i gcomhréir leis an Treoir Stíle Idirinstitiúideach. I gcás teangacha nach bhfuil ar áireamh sa Treoir sin, ní mór úsáid a bhaint as ISO 639.

Ní gá (den riachtanas) gurb í teanga an bhreithiúnais bhunaidh a bheidh ann, ach (príomh)t(h)eanga an doiciméid luaite.

g. determs:publisher

An eagraíocht (tráchtála nó phoiblí) sin atá freagrach as an gcóip seo den bhreithiúnas a fhoilsiú.

h. dcterms:accessRights

Ní mór ceann de dhá luach a bheith sa réimse seo: ‘public’ nó ‘private’. Más ‘public’ é ní mór don doiciméad i dtrácht a bheith inrochtana do chách, mura bhfuil, ní mór an luach ‘private’ a úsáid, pé acu cúiseanna tráchtála nó cúiseanna eile is údar don rochtain den ghné neamhphoiblí.

i. dcterms:type

Féadfaidh faisnéis maidir leis an gcineál breithe a tugadh a bheith sa réimse sin, de réir scéime. Filleann an réimse go dtí an réamhshocrú ‘judicial decision’ chun é a idirdhealú ó chineálacha doiciméad eile.

36. Féadfaidh na meiteashonraí seo a leanas a bheith i ngach doiciméad is sampla de bhreithiúnas:

a. dcterms:title

Ná bíodh réimse an teidil ina mhacasamhail ar réimsí eile. B’fhearr go n-úsáidfí ainm na bpáirtithe nó ailias, de réir an chleachtais náisiúnta agus rialacha cosanta sonraí.

b. dcterms:subject

Úsáidtear an réimse ábhair chun an réimse dlí a chur in iúl. Ba cheart ní hamháin nó níos mó a bheith ann as scéim ina bhfuil luachanna a bhaineann leis an dlí sibhialta, an dlí tráchtála, dlí an teaghlaigh, an dlí dócmhainneachta, an dlí príobháideach idirnáisiúnta, an dlí coiriúil, dlí AE, dlí riaracháin, dlí cánach, dlí poiblí idirnáisiúnta agus dlí bunreachtúil, agus a d’fhéadfadh tuairisc níos sainiúla a bheith ann faoi réimse an dlí.

c. dcterms:abstract

Tá coimriú nó achoimre ar an gcás sa réimse seo, seachas tuairisc, aicmiú nó léirmhíniú.

d. dcterms:description

Tá eilimintí tuairiscithe sa réimse seo, bídís i bhfoirm eochairfhocal nó ceann-nótaí.

e. dcterms:contributor

Ainmneacha na mbreithiúna, an Abhcóide Ghinearálta nó na mball foirne eile atá bainteach leis.

f. dcterms:issued

Dáta foilsithe an doiciméid luaite a bhaineann leis an mbreith. Ní mór an dáta a bheith i gcomhréir le ISO8601.

g. dcterms:references.

i. Tagairtí do dhoiciméid (dlí) eile.

1) Más tagairtí iad seo do bhreithiúnais eile náisiúnta, an Aontais nó de chuid ECHR, ní mór úsáid a bhaint as ECLI má ghabhann ECLI leis an doiciméad i dtrácht, seachas sin ba cheart tagairtí eile a bheith ann.

2) Más tagairtí iad seo d'ionstraimí reachtacha an Aontais b'fhearr an tAitheantóir Reachtaíochta Eorpach a úsáid, má tá sé ar fáil; seachas sin an uimhir CELEX.

3) Más tagairtí iad seo d'ionstraimí reachtacha náisiúnta, do bhreithiúnais nach ngabhann ECLI leo nó do scríbhinní léannta, ba cheart URLanna nó córais aitheanta eile a úsáid.

h. dcterms:isReplacedBy

A luaithe a eisítear ECLI, ní mór dó a bheith buanseasmhach. Ní féidir athuimhrithe a sheachaint mar gheall ar earráidí riaracháin nó i gcás ina a shanntar ECLI do bhreitheanna ar bhain XX-court code leo roimhe sin (de réir alt B). I gcás athuimhrithe den sórt sin ní mór ECLI nua a thaifeadadh sa réimse seo. Ná bíodh aon saghas eile faisnéise sa réimse seo.

37. Ní mór do na meiteashonraí go léir atá sa roinn seo nach bhfuil formáid sheasta acu nó nach bhfuil bunaithe ar scéim, tréith teanga a bheith acu.

**C. <u>An Scéim Meiteashonraí Leasaithe</u>**

38. Is féidir meiteashonraí a bheith ann ar leibhéil éagsúla an fhearainn FRBR. Sa roinn seo sonraítear iad maidir le leibhéil an tsaothair, an léirithe agus an tsonraithe. Déantar meiteashonraí a aicmiú de réir a leibhéil FRBR bunaithe ar sprioc an ráitis meiteashonraí, ní ar an leibhéal FRBR ar a n-oibríonn údar na meiteashonraí ('cruthaitheoir' don saothar, 'tiomsaitheoir' don léiriú nó 'eagarthóir' don sonrú). Dá réir sin, is féidir le gach tiomsaitheoir ráitis meiteashonraí a dhéanamh i dtaobh leibhéal an tsaothair agus an léiriú a bhaineann leis sin ach ní i dtaobh léirithe ó thiomsaitheoir eile.

39. Is féidir an scéim meiteashonraí athbhreithnithe breisithe a úsáid go neamhspleách ar úsáid ECLXL.

40. Déantar na meiteashonraí a fhoirmliú i sonraíocht fheidhmiúil. Níl aon chreat teicniúil forordaithe ann chun na meiteashonraí a chur in iúl, ionas nach bhforchuirfear aon réiteach teicniúil. I gcomhar leis an nGrúpa Saineolaithe ECLI, ba cheart don Choimisiún caighdeán teicniúil chun caighdeánú a dhéanamh ar mhalartú meiteashonraí idir Inneall Cuardaigh ECLI agus stórais náisiúnta a fhorbairt.

41. Gheofar sna táblaí sna réimsí a leanas, ina sonraítear na meiteashonraí i gcomhair an tsaothair an léirithe agus an tsonraithe, na colúin seo a leanas:

a. An t-ainm teicniúil: an t-ainm a úsáidfear sna scéimeanna, sna bunachair sonraí agus mar lipéid réimse i ndoiciméid;

b. An t-ainm feidhmiúil: ainm réimse inléite ag daoine;

c. Bunuimhreacht (CAR); is féidir na luachanna seo a leanas a bheith ann:

i. 0:1 Réimse roghnach, ní fhéadfaidh ach luach amháin a bheith ann;

i. 1:1 Sainordaitheach, ní mór díreach luach amháin a bheith ann;

ii. 0:n Roghnach, féadfaidh il-luachanna a bheith ann;

iii. 1:n Sainordaitheach, féadfaidh il-luachanna a bheith ann;

d. Ilteangach (ML): cuireann sé in iúl an bhfuil an réimse ann i dteangacha difriúla nó an bhféadfadh sé bheith difriúil i dteangacha difriúla. Más ea, tá tréith theanga riachtanach;

e. Cineál: cuireann sé cineál teicniúil an réimse in iúl;

f. Luachanna seasta: cuirtear in iúl an bhfuil luachanna seasta sainithe, agus má tá, cé acu;

g. Nótaí: míniú.

42. Meiteashonraí leibhéal an tsaothair

| An t-ainm teicniúil | An t-ainm feidhmiúil | CAR | ML | Cineál | Luachanna seasta | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Coimriú | Coimriú | 0:n | Tá | teaghrán | | |
| CaseNumber | Cás-uimhir | 0:n | Níl | teaghrán | | |
| Údar | Údar | 0:n | Tá | Teaghrán | | Moltar go n-úsáidfear na réimsí 'party', 'judge' agus 'otherThanJudge' féadfar 'contributor' a úsáid mura féidir an idirdhealú a dhéanamh. |
| Cumhdach | Cumhdach | 1:n | Tá | Teaghrán | | - An tír nó an chríoch ina bhfuil an chúirt nó an binse suite (sainordaitheach);<br>- Cuid de stát (cónaidhme) chun an dlínse chríche a shonrú(roghnach). |
| Cruthaitheoir | Cruthaitheoir | 1:n | Tá | Teaghrán | | Ainm na cúirte fógartha. Is fearr ainm dlísheomra nó rannáin dlí (más ann do) a bheith i 'division'. |
| Dáta | Dáta an bhreithiúnais | 1:1 | Níl | Dáta | | An dáta a bhfógraítear an bhreith (de réir Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine). |
| DateDeposit | Dáta an taiscthe | 0:1 | Níl | Dáta | | I ndlínsí áirithe bíonn an dáta a ndearnadh an bhreith a thaisceadh ábhartha. |
| Tuairisciú | Tuairisciú | 0:n | Tá | Teaghrán | | Eilimintí tuairiscithe, bídís i bhfoirm eochairfhocal nó ceann-nótaí |

| An t-ainm teicniúil | An t-ainm feidhmiúil | CAR | ML | Cineál | Luachanna seasta | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Rannán | Rannán | 0:n | Tá | Teaghrán | | Ainm an dlísheomra nó an rannáin laistigh den chúirt a thug an bhreith. |
| GlobalAlias | Ailias domhanda | 0:n | Tá | Teaghrán | | Is féidir aon ‘leasainm’, ’gnáth-ainm’, ’stíl an cháis’, ’ainm an cháis’ a úsáidtear laistigh den chomhphobal dlí chun tagairt do bhreith ón gcúirt a bheith i gceist leis seo. Is féidir ‘luanna comhuaineacha’ nó aitheantóirí arna sannadh ag tréimhseacháin dlí a chur isteach chomh maith. |
| Tábhacht | Leibhéal tábhachta | 0:1 | Níl | Teaghrán | - íseal<br>- measartha<br>- ard | Is é seo an comhainmneoir is ísle d’aon chineál aicmithe a bhfuil tábhacht (dlíthiúil) ag baint leis.<br>- Tábhacht íseal: breitheanna nach bhfuil tábhachtach ó thaobh an dlí nó na sochaí de. Níl sna breitheanna sin ach cur i bhfeidhm an dlí nós imeachta nó an dlí shubstaintigh, a dréachtaíodh agus úsáid á baint as foirmlí caighdeánacha agus/nó nár foilsíodh ach amháin chun cloí le creat dlíthiúil nó le creat beartais.<br>- Tábhacht mheasartha: breitheanna ar aon shaincheist shuntasach dlí nach bhfuil breith tugtha ag an mbreitheamh ina leith, ach a raibh scóip ann fíorais a mheas agus/nó staidéar a dhéanamh ar an bhfianaise, nó gur rialaigh sé ar shaincheisteanna dlíthiúla i gcomhréir leis an gcásdlí reatha.<br>- Tábhacht mhór: breitheanna lena n-athraítear, beachtaítear, sriantar nó leathnaítear an cásdlí a bhí ann roimhe sin, nó breitheanna a tugadh ar ábhar dlíthiúil nach raibh socraithe roimhe sin nó saincheist shochaíoch chonspóideach. |

| An t-ainm teicniúil | An t-ainm feidhmiúil | CAR | ML | Cineál | Luachanna seasta | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| IsVersionOf | An t-aitheantóir ECLI | 1:1 | Níl | teaghrán | | Má tá siad ann, tá athraitheach an idirstad (sa chás tosaíochta) agus athraitheach na slaise (i gcás íochtair, mar URI coibhneasta) araon ann. |
| Breitheamh | Breitheamh | 0:n | Tá | Teaghrán | | Údar de chineál sonrach |
| NeutralCitation | Lua neodrach | 0:1 | Níl | Teaghrán | | I roinnt tíortha (dlí coiteann) úsáidtear 'neutral citation' do dhíoltóir agus sainaithint measartha neodrach breithe cúirte. Más eol, is féidir lua neodrach a bheith sa réimse seo chun idir-inoibritheacht idirnáisiúnta a áirithiú. |
| OfficialLanguage | Teanga oifigiúil | 1:n | Níl | Teaghrán | | Chun an teanga/na teangacha inar tugadh an bhreith a thaispeáint. Ba cheart an ISO 3166-1 alpha-3 agus cód teanga AE (má tá fáil orthu) a bheith ann |
| Páirtí | Páirtí | 0:n | Tá | Teaghrán | | |
| PreferredForm | Foirm Thosaíochta | 0:1 | Níl | Teaghrán | - cás uachtair<br>- cás íochtair<br>- cás measctha | Chun a thaispeáint sa chomhréir bunaithe ar an idirstad cé acu an rogha le ECLI a scríobh, cás uachtair scríofa (réamhshocrú), cás íochtair, nó cás measctha. |
| ProfNonJudge | Daoine gairmiúla eile atá rannpháirteach, seachas breithiúna | 0:n | Tá | Teaghrán | | Is féidir cineál sonrach údar a úsáid i gcás daoine gairmiúla eile atá rannpháirteach sa chás, seachas breithiúna. |

| An t-ainm teicniúil | An t-ainm feidhmiúil | CAR | ML | Cineál | Luachanna seasta | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tagairt | Tagairt | 0:n | Tá | Teaghrán/URI | Tá dhá thréith (shainordaitheach) san eilimint: ‘type’ agus ‘relation’. Luachanna a d’fhéadfaí a thabhairt ar ‘type’:<br>- celex<br>- ecli<br>- eli<br>- paitinn<br>- patent_application (iarratas ar phaitinn)<br>- akn<br>- other (eile) (rogha réamhshocraithe)<br>Luachanna a d’fhéadfaí a thabhairt ar ‘relation’:<br>- citing (lua)<br>- citedBy (luaite ag)<br>- followedBy (ina dhiaidh)<br>- precededBy (roimhe) | Tá roinnt srianta ann ar theaglaim na dtréithe.<br>- féadfaidh baint a bheith ag ‘citing’ le haon chineál;<br>- féadfaidh baint a bheith ag ‘citedBy’ le ‘celex’, ‘ecli’, ‘patent’, ‘patent_application’, ‘akn’, ‘other’;<br>- féadfaidh baint a bheith ag ‘followedBy’ le ‘ecli’<br>- féadfaidh baint a bheith ag ‘precededBy’ le ‘ecli’; |

| An t-ainm teicniúil | An t-ainm feidhmiúil | CAR | ML | Cineál | Luachanna seasta | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ReplacedBy | Curtha ina ionad | 0:n | Níl | teaghrán | | úsáidtear 'replacedBy' sna cúinsí seo amháin:<br>- D'fhan breith na cúirte mar a bhí, ach, mar gheall ar theip riaracháin nó theicneolaíochta caitheadh í a athchlárú faoi ECLI eile; áirítear cúinsí ina raibh léiriú cláraithe roimhe sin mar ECLI ar leithligh, ach gur athchláraíodh í — trí úsáid ECLI-XL — mar léiriú ECLI eile;<br>- Aitheantóir ECLI a raibh eilimint dáta ceithre dhigit ann, cuireadh aitheantóir ECLI a bhfuil eilimint dáta ocht ndigit ina ionad;<br>- ECLI a raibh cód cúirte 'XX' ann, shann an comhordaitheoir ECLI, nó comhordaitheoir ECLI eile, ECLI eile dó — ceann nach bhfuil an cód cúirte 'XX' ann. |
| Cuirtear in ionad | Cuirtear in ionad | 0:n | Níl | teaghrán | | Inbhéarta ReplacedBy |
| SameAs (owl) | Ailias seasta | 1:1 | Níl | URI | | Tá dearbh-aitheantóir URL an tsaothair anseo ag http(s)://ecli.eu. |

| An t-ainm teicniúil | An t-ainm feidhmiúil | CAR | ML | Cineál | Luachanna seasta | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ábhar | Ábhar | 0:n | Tá | Teaghrán | - civil law (an dlí sibhialta)<br>- commercial law (dlí na tráchtála)<br>- family law (an dlí teaghlaigh)<br>- insolvency law (dlí na dócmhainneachta)<br>- private international law (an dlí idirnáisiúnta príobháideach)<br>- criminal law (an dlí coiriúil)<br>- EU law (dlí AE)<br>- administrative law (an dlí riaracháin)<br>- tax law (an dlí cánach)<br>- international public law (an dlí idirnáisiúnta poiblí)<br>- constitutional law (an dlí bunreachtúil)<br>- public accounting law (dlí na cuntasaíochta poiblí) | Má úsáidtear é, ní mór ceann amháin nó níos mó de na luachanna seasta a bheith ann agus féadfaidh luachanna breise a bheith ann freisin. |

| An t-ainm teicniúil | An t-ainm feidhmiúil | CAR | ML | Cineál | Luachanna seasta | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal | Teideal | 0:1 | Tá | Teaghrán | | |
| TypeDocument | Cineál an doiciméid | 1:1 | Tá | Teaghrán | - judicial decision (breith breithiúnach) (rogha réamhshocraithe)<br>- judgment (breithiúnas)<br>- court order (ordú cúirte)<br>- conclusion (conclúid)<br>- opinion (tuairim)<br>- preliminary question (réamhcheist)<br>- preliminary decision (réamhchinneadh)<br>- follow-up on preliminary decision (beart leantach ar réamhchinneadh) | |

43. Meiteashonraí leibhéil léirithe

| An t-ainm teicniúil | An t-ainm feidhmiúil | CAR | ML | Cineál | Luachanna seasta | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| AccessRights | Cearta Rochtana | 1:1 | Níl | teaghrán | - príobháideach<br>- poiblí | Baineann na 'cearta rochtana' leis an gceist an é nach bhfuil téacs na breithe sa léiriú ón tiomsaitheoir seo ar fáil ach amháin trí shíntiús (íoctha). |
| AuthoritativenessExpression | Údarás an Léirithe | 1:1 | Níl | teaghrán | - tá<br>- níl<br>- anaithnid | Ní chiallaíonn 'údarásach' gurb é an leagan 'barántúil' é, ach go bhfuil an léiriú 'údaraithe', go n-aithnítear é a bheith oifigiúil. |
| Tiomsaitheoir | Tiomsaitheoir | 0:1 | Tá | teaghrán | | Tá ainm iomlán údar an Léirithe ann. Tá an cód ECLI-XL don tiomsaitheoir, má tá sé ar fáil, in airí a ghabhann leis an eilimint seo. |
| CompilerSpecificExpression | Léiriú tiomsaitheoir -shonrach | 0:n | Tá | teaghrán | | Aon bharúlacha i leith an léirithe shonraigh ar an léiriú tiomsaitheoirshonrach seo nach féidir a thuairisciú in aon réimse meiteashonraí eile. |
| ComprehensivenessExpression | Cuimsitheacht an Léirithe | 0:1 | Tá | Teaghrán | - iomlán<br>- giorraithe<br>- achoimrithe | |
| ExpressionIdentifier | Aitheantóir an léirithe | 0:n | Níl | teaghrán | | Má tá a aitheantóir féin nó a bhealach tosaíochta lua ag an léiriú, seachas ECLI nó ECLI-XL, féadfar é a sholáthar anseo (e.g. 'parallel citation'). |

| An t-ainm teicniúil | An t-ainm feidhmiúil | CAR | ML | Cineál | Luachanna seasta | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| CreationDateExpression | Dáta cruthaithe an léirithe | 0:1 | Níl | dáta | | |
| EcliXLIdentifierExpression | Cuid léirithe den Aitheantóir ECLI-XL | 0:1 | Níl | teaghrán | | Más comhlánaithe, tá athraitheach an idirstad (sa chás tosaíochta) agus athraitheach na slaise (i gcás íochtair) araon ann. |
| Eisithe | Dáta eisiúna | 0:1 | Níl | dáta | | Is é seo an dáta a cuireadh an léiriú áirithe seo ar fáil, e.g. dáta foilsithe. |
| LanguageExpression | Teanga an Léirithe | 0:1 | Níl | teaghrán | | Is féidir é a fhágáil folamh más í an t-aon teanga oifigiúil den saothar í.<br><br>Ba cheart é a léiriú mar ISO 3166-1 alpha-3.<br><br>Féadfaidh airí amháin (roghnach) ón liosta a leanas a bheith ann:<br>- 'officialLanguage' (i gcás gurb ann do níos mó ná teanga oifigiúil amháin)<br>- 'authorisedTranslation' (aistriúchán údaraithe)<br>- 'nonAutorisedTranslation' (aistriúchán neamhúdaraithe) |

| An t-ainm teicniúil | An t-ainm feidhmiúil | CAR | ML | Cineál | Luachanna seasta | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| TemporalExpression | Cineál an léirithe ama | 0:1 | Tá | Teaghrán | - Doiciméad bunaidh<br>- Arna leasú | |
| Bailíocht | Bailíocht | 0:1 | Níl | dáta | | Féadfaidh 'startDate' agus/nó 'endDate' a bheith ann. Moltar é a úsáid má tá léirithe ama difriúla ann. |

44. Meiteashonraí leibhéil sonraithe

| An t-ainm teicniúil | An t-ainm feidhmiúil | CAR | ML | Cineál | Luachanna seasta | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| AuthoritativenessManifestation | Údarás an tSonraithe | 0:1 | Níl | teaghrán | - tá<br>- níl | |
| CreationDateManifestation | Dáta cruthaithe an tsonraithe | 0:1 | Níl | dáta | | |
| DataFormat | Formáid na sonraí | 1:1 | Níl | teaghrán | - doc<br>- docx<br>- html<br>- json<br>- odt<br>- pdf<br>- rdf<br>- rtf<br>- tiff<br>- txt<br>- xhtml<br>- xml | |
| Eagarthóir | Eagarthóir | 0:1 | Tá | teaghrán | | Údar an tSonraithe, más ábhartha. |

| An t-ainm teicniúil | An t-ainm feidhmiúil | CAR | ML | Cineál | Luachanna seasta | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| EcliXLIdentifierManifestation | Cuid sonraithe den Aitheantóir ECLI-XL | 0:1 | Níl | teaghrán | | Más comhlánaithe, tá athraitheach an idirstad (sa chás tosaíochta) agus athraitheach na slaise (i gcás íochtair) araon ann, an dá cheann mar URI ábhartha (cuid) |
| Aitheantóir | Aitheantóir | 1:n | Níl | URI | | Féadfar an eilimint sin a úsáid chun an doiciméad iarbhír a aisghabháil. Scríofa, más féidir, mar aitheantóir ECLI-XL, ach níl sin éigeantach. |

## IV. MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME NÁISIÚNTA

### A. Comhordaitheoir Náisiúnta Ecli

45. Ní mór do gach Ballstát a úsáideann ECLI eagraíocht rialtais nó bhreithiúnach a cheapadh mar Chomhordaitheoir Náisiúnta ECLI. Ná bíodh níos mó ná comhordaitheoir ECLI amháin ag aon tír.

46. Beidh comhordaitheoir náisiúnta ECLI freagrach as an méid seo a leanas:

   a. liosta na gcúirteanna agus na mbinsí ar féidir cód a bheith acu mar a luaitear i roinn I;

   b. cinneadh nó comhordú faoi cibé ar cheart nó nár cheart go mbeadh ceithre dhigit nó ocht ndigit in eilimint an dáta san ECLI agus a mhéid ar cheart go mbeadh sé amhlaidh;

   c. rannpháirtíocht i ngrúpa saineolaithe ECLI de chuid Mheitheal na Comhairle ar r-Sheirbhísí Dlí.

47. Ba cheart do Chomhordaitheoir Náisiúnta ECLI faisnéis, lena gcuirtear síos ar an gcaoi a gcomhdhéantar an orduimhir, agus faisnéis eile maidir leis an gcaoi a gcuirtear ECLI chun feidhme, a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin ECLI, mar a shainítear i gcuid V.

48. Má cheadaítear, laistigh de Bhallstát, XX a úsáid mar chód cúirte do bhreitheanna ó dhlínsí eile, ba cheart do chomhordaitheoir náisiúnta ECLI, má shanntar ECLIeanna dúchasacha do na breitheanna sin laistigh den dlínse eile, tabhairt faoi ghníomhaíocht iomchuí chun na ECLIeanna dúchasacha a chur in ionad na XX-ECLIeanna sin, tríd an eilimint <ReplacedBy/> a úsáid. Níl oibleagáid ar aon chomhordaitheoir ECLI ECLIeanna, lena ngabhann cód cúirte-XX a d'fhéadfadh a bheith sannta ag Ballstáit eile, a chur san eilimint-<Replaces/>.

### B. Cur chun feidhme

49. Is freagracht náisiúnta é cur chun feidhme náisiúnta ECLI, d'ainneoin go bhféadfadh cistiú Eorpach a bheith ar fáil.

50. Féadfaidh cúirteanna agus binsí laistigh de thír amháin páirt a ghlacadh sa chóras ECLI in amanna difriúla.

51. Le gur fusa a bheidh sé atreorú a dhéanamh go héasca, ba cheart ECLI a úsáid freisin laistigh d'fhoirmeacha fisiciúla den bhreithiúnas féin.

52. Moltar ECLI a shannadh do na breithiúnais go léir a thugtar, agus ní hamháin dóibh siúd a fhoilsítear ar shuíomhanna gréasáin na mbreithiúna.

53. Féadfar ECLI a shannadh do bhreithiúnais stairiúla. Spreagtar an cur chuige sin.

54. Ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart sannadh ECLI a eagrú mar sheirbhís ar leithligh, i gcomhréir le treoirlínte an Chreata Eorpaigh Idir-inoibritheachta.

55. Nuair a áirítear an ECLI i mbreith ón gcúirt nó nuair a phriontáiltear é ar an mbreith sin, moltar ní hamháin an ECLI a thaispeáint i gcomhréir bunaithe ar an idirstad ach HTTP URI den sonrú a thaispeáint freisin. D'fhéadfaí an lipéad 'an doiciméad seo', 'an leagan seo' nó lipéad inchomparáideach a thabhairt ar an leagan sin.

## V. <u>SUÍOMH GRÉASÁIN ECLI</u>

56. Ba cheart suíomh gréasáin ECLI a bhunú; ba cheart don suíomh gréasáin sin a bheith ina chuid den Tairseach Eorpach don r-Cheartas.

57. Ba cheart na nithe a leanas a bheith ar an suíomh:

    a. faisnéis faoi fhormáid agus úsáid ECLI. Maidir leis an bhformáid, ba cheart go mbeadh na nithe a leanas inti:

        i. na rialacha maidir le formáidiú mar a chuirtear síos orthu i gcuid I.

        ii. (tagairt don) liosta in éineacht le giorrúcháin na dtíortha rannpháirteacha.

iii. liostaí de réir na tíre de na giorrúcháin a úsáidtear do na cúirteanna agus na binsí rannpháirteacha. Ba cheart ainmneacha na gcúirteanna a aistriú sna teangacha uile, i gcomhréir le teasáras ilteangach ainmneacha na n-eagraíochtaí mar a bunaíodh lena úsáid laistigh den Tairseach don r-Cheartas, agus hipearnaisc ann chuig na tuairiscí ar na cúirteanna sin mar a chuimsítear iad ar an Tairseach don r-Cheartas nó ar aon suíomh eile - má tá siad ar fáil.

iv. tuairisc ar na rialacha maidir le formáidiú a bhaineann leis an orduimhir de réir na tíre (más ar fáil).

v. faisnéis theicniúil.

b. faisnéis faoi infhaighteacht meiteashonraí.

c. faisnéis faoi chomhordaitheoirí náisiúnta ECLI: an ról atá acu agus na freagrachtaí atá orthu, ach freisin faisnéis teagmhála de réir na tíre.

d. ba cheart rochtain a bheith ar fáil ar an suíomh gréasáin ar an Inneall Cuardaigh ECLI.

## VI. <u>INNEALL CUARDAIGH ECLI</u>

58. Ba cheart Inneall Cuardaigh ECLI a bheith ann chun breitheanna ón gcúirt a chuardach de réir ECLI, meiteashonraí agus téacs.

59. I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Eorpach don r-Cheartas ba cheart Inneall Cuardaigh ECLI a bheith de chineál díláraithe: níor cheart é a bheith mar aidhm, le bunachar sonraí ar leibhéal na hEorpa, ionad réitigh náisiúnta a ghabháil.

60. Tá an Coimisiún Eorpach freagrach as feidhmiú teicniúil Inneall Cuardaigh ECLI.

61. Ní mór don Choimisiún clár na dtiomsaitheoirí léirithe a choinneáil agus ba cheart rochtain air a bheith ar fáil trí Inneall Cuardaigh ECLI.

62. Ba cheart RESTful API a bheith ar Inneall Cuardaigh ECLI.

63. Ní mór Inneall Cuardaigh ECLI a bheith ar fáil d'úsáideoirí deiridh trí shuíomh gréasáin ECLI, cé nach gá go mbeadh sé mar dhlúthchuid theicniúil de.

64. Ní mór don Choimisiún Eorpach comhéadan dea-thuairiscithe a chur ar fáil le haghaidh innéacsú bunachar sonraí le breitheanna ón gcúirt trí Inneall Cuardaigh ECLI.

65. I gcás mí-úsáide nó mí-iompair, coimeádann an Coimisiún an ceart aige féin chun an ceart chun bheith nasctha le hInneall Cuardaigh ECLI a dhiúltú d'eagraíocht, nó chun eagraíocht a dhícheangal i gcás sáruithe córasacha.

66. Ní mór taifeoir a bheith ar fáil ar an suíomh https://e-justice.europa.eu/ecli/, eadhon má chlóscríobhtar ECLI tar éis an tseolta sin, taispeánfar na sonraí atá ar fáil ar an ECLI sin tríd an gcomhéadan cuardaigh. Thairis sin, is féidir https://ecli.eu a úsáid freisin.

## VII. ECLI LAISTIGH DEN AONTAS

67. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh comhordaitheoir ECLI do dhlínsí an Aontais.

68. I gcás inarb iomchuí in Iarscríbhinn I, ba cheart 'tír' nó 'Ballstát' a léamh mar 'AE.'

**IARSCRÍBHINN II**

## Maidir le ECLI agus ECLI-XL a úsáid i dtéacsanna dlí

1. Níor cheart an t-ainm 'ECLI' a úsáid ach chun breith ón gcúirt a léiriú ar leibhéal an tsaothair.

2. Moltar ECLI a úsáid chun breitheanna ón gcúirt a lua, mar bhealach tosaíochta nó breise le rud a lua.

3. Nuair a úsáidtear ECLI chun rud a lua, ba cheart é a scríobh ina iomláine i gcónaí. Níor cheart aon eilimintí a fhágáil ar lár.

4. Nuair a luaitear ECLInna i dtéacsanna a cheaptar lena léamh ag an duine, moltar go láidir an chomhréir atá bunaithe ar an idirstad sa chás tosaíochta a úsáid.

5. Nuair a dhéantar tagairtí, i ndoiciméid dlí, do bhreitheanna ón gcúirt, i bhformhór na gcásanna ba cheart an tagairt a dhéanamh ar leibhéal an tsaothair, neamhspleách ar athraitheach sonrach teanga, ama, eagarthóireachta nó eile. Mar sin, ba cheart an ECLI a úsáid chun tagairt den sórt sin a dhéanamh, gan aon athraitheach sonrach a léiriú.

6. Is féidir eisceachtaí ar an riail sin a bheith ann más gá – ar chúiseanna dlíthiúla nó doiciméadacha– tagairt shainráite a dhéanamh d'athraitheach sonrach, e.g. nuair a dhéantar comparáid idir dhá athraitheach teanga.

7. Deartar ECLI-XL chun idirdhealú a dhéanamh idir na hathraitheacha sin ar bhealach teicniúil; mar sin féin, moltar go láidir gan ECLI-XL a thaispeáint i dtéacsanna a cheaptar lena léamh ag an duine, gan an tagairt iomlán ECLI-XL a thaispeáint ach i bhfonóta nó mar chód teicniúil i hipearnasc.

8. Más fearr le córais faisnéise an t-úsáideoir a threorú chuig léiriú nó sonrú sonrach ar bhreith ón gcúirt, cé nach mbaineann ábharthacht dhlíthiúil leis na hathraitheacha sin, ba cheart an nascadh a shocrú ar bhealach (e.g. trí stílbhileoga a úsáid) lena gcosnófaí úsáideoirí ó aon fhaisnéis lena bhféadfaí míthuiscint a chruthú faoin leibhéal tagartha a bheartaítear.

9. Murab ionann agus an léiriú nó an sonrú sonrach ar bhreith ón gcúirt, déantar tagairtí i dtéacsanna dlí do chodanna sonracha de bhreithiúnas go sainráite agus d'aon ghnó. Ós rud é go mbíonn earráidí ag roinnt le ECLI-XL más é an duine daonna a thógann nó a léann tagairtí do mhíreanna, moltar go láidir gan tagairtí ECLI-XL do mhíreanna a úsáid ach i hipearnaisc agus i gcód meaisín-inléite eile, nó mar fhaisnéis bhreise i bhfonótaí, agus ba cheart na míreanna a thuairisciú i dtéacs i gcomhréir leis na nósanna áitiúla nó le treoracha do luanna.